Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

NÓTA: Tá an beartas seo bunaithe ar na Treoirlínte um Dhul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta (1993) (a dtagrófar dóibh ina dhiaidh seo mar na Treoirlínte) cé go nglactar san áireamh athruithe reachtaíochta/rialála a cuireadh i bhfeidhm níos déanaí agus go ndéantar tagairt, chomh maith, do shaincheisteanna imní comhaimseartha, cosúil le, bulaíocht teachtaireachtaí téacs, cibearbhulaíocht agus bulaíocht homafóbach.

Polasaí in aghaidh Bulaíochta 2009

Cuireadh an beartas seo le chéile i rith na scoilbhliana 2008-2009.

Cuireadh le chéile é i gcomhair le pobal na scoil : an fhoireann teagaisc, baill foirne eile na scoile, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an bord bainistíochta.

Scóip

Tugann an beartas seo aghaidh ar iompraíocht bhulaíochta, ciapadh agus géarleanúint gnéasach.

Cé go dtugann an beartas seo aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le bulaíocht daltaí (i.e. imthosca ina mbíonn dalta amháin nó níos mó ina íospartach nó ina híospartach nó ina n-íospartaigh bhulaíochta), bíonn feidhm ag an mbeartas le baill foirne teagaisc agus baill foirne eile scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile a mhéid a bhaineann bearta faoin mbeartas leo.

Feidhmíonn lucht bainistíochta na scoile, mar fhostóirí, faoi cheanglais na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004 (ar fáil le cóipeáil anuas ag láithreán gréasáin an Oireachtais) , agus tá beartas frithbhulaíochta agus frithchiaptha i bhfeidhm chomh maith do bhaill foirne (tá feidhm ag an gCód Iompraíochta reachtúil maidir le ciapadh agus gnéaschiapadh san áit oibre).

Tá an beartas i bhfeidhm i roinnt tréimhsí ama/gníomhaíochtaí, cosúil leo seo a leanas:

- Am scoile (lena n-áirítear, amanna sosa)
- Sa chlós.
- Ag dul chun na scoile agus ag fágáil na scoile
- Turais scoile
- Gníomhaíochtaí Seachchuraclaim
- Ar an mbus scoile

Réasúnaíocht

Tuigeann pobal Scoil Uí Dhálaigh go bhfuil gá le beartas frithbhulaíochta a chur le chéile ag an tréimhse ama seo

1ós rud é nach bhfuil scoil ar bith slán ó fhadhb na bulaíochta

2is saincheist tosaíochta í a d'aithin an fhoireann, daltaí agus pobal na scoile.

3Tá oibleagáid ar údarás scoile, faoi Alt 23 den Acht Oideachais (Leas), 2000 (ar fáil le cóipeáil anuas ag láithreán gréasáin an Oireachtais), Cód Iompraíochta a chur le chéile do mhic léinn sa scoil. Déanann an tAcht foráil go gcaithfidh an bord bainistíochta Cód Iompraíochta a ullmhú tar éis comhairliú leis an bpríomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí agus leis an Oifigeach áitiúil Leasa Oideachais. Sonraíonn na **Treoirlínte** gur chóir do bheartas frithbhulaíochta "bheith mar chuid lárnach de Chód Iompraíochta agus Araíonachta scríofa i ngach bunscoil agus iar-bhunscoile". Leanann na **Treoirlínte** ar aghaidh le cur in iúl go "Léiríonn taighde idirnáisiúnta, go soiléir, an tábhacht mhór a bhaineann le Beartas Scoile a bheith i bhfeidhm, a n-áirítear ann, bearta sonracha le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta laistigh den chreat Cóid Iompraíochta agus Araíonachta scoile ina iomláine" agus gur féidir "le cód den sórt sin, a cuireadh le chéile agus a cuireadh i bhfeidhm go cuí, bheith ar an mbeart is mó a imríonn tionchar maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta i scoileanna."

4Feidhmíonn lucht bainistíochta na scoile ceanglais na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004 (ar fáil le cóipeáil anuas ag láithreán gréasáin an Oireachtais).

Mar a bhaineann an polasaí frithbhulaíochta le spiorad tréitheach na scoile :

1) Déanann Scoil Uí Dhálaigh iarracht le cur ar chumas gach dalta a phoitéinseal nó a poitéinseal iomlán a shroichint.
2) Cuireann Scoil Uí Dhálaigh timpeallacht shábháilte agus iontaofa ar fáil le haghaidh foghlama.
3) Cothaíonn Scoil Uí Dhálaigh meas ar éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus cineálacha saoil sa tsochaí.
4) Cuireann Scoil Uí Dhálaigh nósanna chun cinn maidir le comhmheas, cúirtéis agus feasacht ar idirspléachas daoine i ngrúpaí agus i bpobail.
5) Dá bhrí sin, tugann Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh aire go háirithe do mhic léinn atá i mbaol agus úsáideann sí a córas monatóireachta chun idirghabháil luath a chur ar fáil nuair is/má's gá agus tugann sí freagairt ar riachtanais, faitíos agus imní na mac léinn aonair ar bhealach mothálach.

Cuspóirí an Bheartais

Creideann Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh go bhfuil sé de cheart ag daltaí foghlaim i dtimpeallacht thacúil, aireach, slán, saor ó fhaitíos go ndéanfaí bulaíocht orthu. Is iad cuspóirí an bheartais seo ná:

1. Éiteas scoile a chruthú a thugann spreagadh do mhic léinn eachtra iompraíochta bulaíochta a insint agus a phlé.

2. Feasacht a ardú ar bhulaíocht mar fhoirm iompraíochta nach nglacfar léi i measc lucht bainistíochta na scoile, múinteoirí, mac léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí.

3. Éiteas scoile a chruthú a aithníonn agus a dhéanann freastal ar na naoi bhforas a chlúdaíonn an reachtaíocht chomhionannais agus a thugann meas orthu.

4. A chinntiú go n-ardaíonn clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte na scoile feasacht ar na gnéithe a bhaineann le hiompraíocht bhulaíochta agus go bhforbraíonn sé eolas, scileanna agus iompraíocht chuí.

5. Gníomhartha praiticiúla a ghlacadh chun eachtraí iompraíochta bulaíochta a chosc m.sh. maoirseacht chuimsitheach agus bearta monatóireachta a chinntiú trína dheántar feitheoireacht ar gach réimse gníomhaíochta scoile.

6. Nósanna imeachta a fhorbairt um eachtraí iompraíochta bulaíochta a thuairisciú agus a thaifeadadh.

7. Nósanna imeachta a fhorbairt um eachtraí iompraíochta bulaíochta a imscrúdú agus le dul i ngleic leo.

8. Clár tacaíochta a fhorbairt do na daoine sin ar imir iompraíocht bhulaíochta tionchar orthu agus do na daoine sin a raibh baint acu in iompraíocht bhulaíochta.

9. Obair a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí éagsúla áitiúla agus tríothú sin dul i ngleic le gach foirm iompraíochta bulaíochta agus frithshóisialta.

Príomh-Bhearta (ábhar an bheartais)

Tá ábhair an bheartais roinnte i dtrí rannóg:

A. Sainmhíniú soiléir na Bulaíochta chomh maith le liosta de na cineálacha iompraíochta lena mbaineann
B. Gníomhartha chun iompraíocht bhulaíochta a chosc
C. Na céimeanna le tógáil chun dul i ngleic le heachtraí bulaíochta

A. Sainmhíniú soiléir ar bhulaíocha agus na cineálacha iompraíochta lena mbaineann

Sainmhíniú na Bulaíochta:

Is éard atá i gceist le bulaíocht ná forrántacht a dhéanann daoine aonair nó grúpa i gcoinne duine eile arís is arís eile – d'fhéadfadh iompraíocht fhorránach den sort sin bheith ó bhéal, síceolaíoch, mothúchánach nó fisiciúil.

Chun críche an bheartais seo, cuimsíonn an téarma bulaíochta ciapadh agus gnéaschiapadh san áireamh chomh maith, a shainmhínítear mar seo a leanas:

1Ciapadh: foirm ar bith iompraíochta nach bhfáiltítear roimpi, i ndáil le ceann ar bith de na naoi bhforas a ainmnítear sa reachtaíocht chomhionannais, a gcuirtear isteach ar dhínit duine mar thoradh air agus a chruthaíonn timpeallacht imeaglaitheach, naimhdeach, táirthe nó mhaslach don íospartach.

2Gnéaschiapadh : foirm ar bith iompraíochta labhartha, neamhlabhartha nó fhisiciúil lena mbaineann gné ghnéasach nach bhfáiltítear roimpi, a gcuirtear isteach ar dhígnit duine mar thoradh air agus a chruthaíonn timpeallacht imeaglaitheach, naimhdeach, táirthe nó mhaslach don íospartach.

Is iad na naoi bhforas atá ann ná inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, reiligiún agus ballraíocht den Lucht Siúil.

Na cineálacha iompraíochta lena mbaineann

Glacann an bheartas seo go mbíonn na modhana bulaíochta ag síorathrú agus ní féidir gach aon chineál bulaíochta a chlúdach sa liosta seo a leanas :

- Forrántacht fhisiciúil
- Damáiste do mhaoin
- Sracadh
- Imeaglú

- Gothaí
- Glaonna gutháin/gutháin phóca gan aon chaint
- Glaonna gutháin/gutháin phóca ionsaitheacha
- Teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha
- Teachtaireachtaí ionsaitheacha ríomhphoist/láithreáin ghréasáin
- Tairgeadh, taispeáint nó scaipeadh focail scríofa, pictiúr nó ábhair eile a bhfuil sé mar aidhm acu imeaglú a dhéanamh ar dhuine eile
- Leithlisiú agus imeallú
- Ciapadh bunaithe ar aon cheann de na naoi bhforas sa reachtaíocht chomhionannais m.sh. gnéaschiapadh, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocha srl.
- Leasainmneacha
- Magadh
- Meascán de chinéalacha ar bith díobh siúd a ainmníodh.

Ní liosta cuimsitheach é seo.

Comharthaí Bulaíochta

Roinnt chomharthaí go bhféadfadh do pháiste a bheith ag fulaingt bulaíochta:

i)Titim i gcaighdeán na hoibre scoile.
ii)Comharthaí fisiciúla.
iii)Athrú béasa.
iv)Athrú iompair, m.sh. bulaíocht ar leanaí eile sa chlann.
v)Drogall air/uirthi dul ar scoil/siúl abhaile.
vi)Damáiste do shealúchas nó sealúchas ar iarraidh.
vii)Aisiompú ar nósanna luathchéime na forbartha, m.sh. fliuchadh na leapa, diúl na hordóige, níos ciúine ná mar is gnáth, cúnlú chuige/chuici féin agus titim obann féin-muiníne.
viii)Easpa goile.

B. Gníomhartha a aithint chun iompraíocht bhulaíochta a chosc

Modhanna taifeadta agus tuairisciú eachtra bulaíochta. Déanfaidh gach múinteoir gach eachtra bulaíochta a thuairiscítear dó/di a thaifead, a fhiosrú agus a réiteach. Ar an mbealach sin, cothófar muinín na bpáistí as "insint". Is gné rí-thabhtachtach den phróiséas é an cothú muiníne seo.

Maoirseacht agus Monatóireacht

Cur chuige ciúin, fuarchúiseach a ghlacfaidh múinteoirí chucu féin agus iad ag deighleáil le eachtraí tuairiscthe bulaíochta. I ngach cás bulaíochta, labhróidh an múinteoir le daltaí ina n-aonair d'fhonn an dá insint a fháil. Tionólfar gach agallamh go mothálach agus cuirfear cearta an linbh san áireamh. D'fhéadfadh go dtabharfadh daltaí nach bhfuil baint lárnach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach ar an mbealach seo.

Uilechuimsitheacht sa Churaclam

Glacann an scoil cúram pholasaí in aghaidh bulaíochta a chur i bhfeidhm trí acmhainní churaclam a úsáid ar nós :

1. (a) Misneach
   (b) Bí Sábháilte
   (c) Beo Go Deo

2.Lá Eolais ar Bhulaíocht a eagrú go bliantúil

C. Na céimeanna atá le glacadh maidir le dul i ngleic le heachtraí bulaíochta

Déanfar cásanna bulaíochta tromchúiseacha a chur díreach chuig an bPríomhoide.

1. Cuirfidh an múinteoir ranga Tuismitheoirí/Caomhnóirí bulaithe agus íospartaigh araon ar an eolas go luath mar gheall ar eachtraí bulaíochta le deis a thabhairt dóibh an cás a phlé. Beidh deis acu ansin cabhrú agus tacú leis na páistí sula sroichtear géarchéim.
2. Spreagtar pearsanra nach múinteoirí iad, m.sh. feighlí,lucht

glanta agus tiománaithe bus, eachtraí bulaíochta a thuairisciú do bhall foirne.

3. I gcás gur ball foirne atá i gceist, ba chóir, de ghnáth, an eachtra a phlé ar dtús leis an duine sin, agus más gá, leis an bPríomhoide.
4. I gcás gur tuismitheoir atá i gceist, ba chóir, de ghnáth, an eachtra a phlé ar dtús leis an duine sin agus, má's gá, leis an bPríomhoide.
5. Ba chóir cásanna a bhaineann le daltaí agus le múinteoirí nach réitítear ag leibhéal scoile a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.(Féach Nósanna Imeachta Chlamhsáin)
6. Muna réitítear ag leibhéal an Bhoird é, ba chóir an cás a chur ar aghaidh chuig an Cigire Ceantair.

Aithin na nósanna imeachta chun dul i ngleic le heachtraí tuairiscithe

1. Agus é/í i mbun ainilíse eachtraí bulaíochta, lorgóidh an múinteoir freagraí na gceist Cad? Cén áit? Cathain? Cén duine? agus Cén fáth? ar bhealach ciúin le taispeáint conas deighleáil go héifeachtach le coibhlint ar bhealach neamh-bhagrach.
2. Más grúpa atá i gceist, ceisteófar gach ball ina aonair ar dtús, ansin tabharfar an grúpa le chéile. Lorgófar tuairisc gach ball ar ar tharla le cinntiú go bhfuil gach páiste soiléir faoin méid atá ráite ag gach ball. Is féidir daltaí eile a cheistiú d'fhonn léargas níos soiléire a fháil.
3. Má chinntear go raibh bulaíocht ar siúl ag dalta, cuirfear ina luí air/uirthi nach féidir glacadh lena leithéid d'iompar agus déanfar gach iarracht taobh an íospartaigh a léiriú dó/di.
4. An Cur Chuige "Gan Mhilleán":
    - Ceistigh an t-íospartach agus an bulaí.
    - Ceistigh páistí eile a bhí rannpháirteach.
    - Mínigh an fhadhb.
    - Roinn an fhreagracht.
    - Spreag na daltaí chun réiteach a mholadh.
    - Tabhair an grúpa le chéile arís.
5. Coinníonn múinteoirí atá i mbun fiosruithe faoi eachtraí bulaíochta cuntas mionsonraithe scríofa den phlé a bhí acu leosan a bhí páirteach san eachtra. D'fhéadfadh go gcabhródh sé dá scríobhfadh na páistí a bhí páirteach a gcuntas féin ar an eachtra.
6. I gcásanna a chinntear go raibh bulaíocht ar siúl, castar le tuismitheoirí/

caomhnóirí an dá pháirtí de réir mar a fheileann, d'fhonn (a) an gníomhú atá beartaithe agus na fáthanna atá leis a mhíniú, ag tagairt don pholasaí scoile (b) bealaí ar féidir leo an gníomhú ar scoil a threisiú agus tacú leis a phlé.

7. Glaofar cruinniú dul chun cinn ina pháirtí agus ina pháirtí, le súil gur féidir iad a thabhairt le chéile ina dhiaidh sin má tá an t-íospartach sásta agus réidh chuige sin. D'fhéadfadh go mbeadh toradh teiripeach air seo.

Aithin na hiarchéimeanna atá le glacadh

1. Rabhadh oifigiúil ó bhéal, réasúnú agus moltaí don dalta i dtaca leis an chaoi le h-éirí as an drochiompar.
2. Scarúint sealadach ó pháistí eile go dtí go mbíonn sé/sí suaimhneach agus réidh le dul i bun oibre/spraoi arís. An straitéis seo le bheith faoi dhiscréid an mhúinteora, ag brath ar aois agus cás an pháiste.
3. Is féidir an páiste a chur chuig rang eile ar feadh tréimhse gearr mar mhodh suaimhnithe.
   An straitéis seo le bheith faoi dhiscréid an mhúinteora, ag brath ar aois agus cás an pháiste.
4. Gabhann an páiste a leithscéal go dáiríre.
5. Cuirtear Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas faoin eachtra sa Dialann Obair Bhaile agus tugtar ar ais sínithe é.
6. Seoltar páistí chuig an bPríomhoide in éineacht leis an múinteoir ranga nuair is mí-iompar é a bhíonn ag síortarlú nó nuair is mí-iompar tromchúiseach é.
7. Iarrtar ar an bpáiste scríobh mar gheall ar an iompar, an uair a tharla sé agus mar a chuirfidh sé/sí feabhas air.(Le síniú ag tuismitheoirí/caomhnóirí)
8. I gcásanna gur mí-iompar a tharlaíonn go seasta agus go rialta agus mí-iompar tromchúiseach, glaofaidh an Príomhoide cruinniú foirmeálta leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an múinteoir ranga le chéile.
9. Mínítear do na tuismitheoirí go gcuirfear an dalta ar fionnraí má bhíonn eachtra eile mí-iompar tromchúiseach ann.
9. An cás a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.
10. Cuirfear ar fionraí daltaí a bhíonn trioblóideach ar bhonn seasta nó a sháraíonn an cód smachta go rialta.

Cásanna nach réitítear ag leibhéal an Bhoird a chur faoi bhráid na

cigireachta ceantair.

Naisc le Beartais Eile agus le Seachadadh Curaclaim

Tá an beartas seo agus na cinn seo a leanas comhsheasmhach lena chéile, laistigh de chreatalach an Phlean Scoile ina iomláine.

- Cód Iompair
- Cosaint Leanaí
- Sábháilteacht Idirlín: Beartas um Úsáid Inghlactha
- Sláinte agus Sábháilteacht

Dáta um Chur i bhFeidhm

Tiocfaidh an beartas i bhfeidhm ar an 1 ú Aibreán 2009

Déanfar athbhreithniú ar oibriú an bheartais tar éis ceithre bliana lena leasú, nó roimhe sin má's léir gur gá sin a dhéanamh.

Siniú: _____ **Dáta: _____**